Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Márta 2026
(OR. en)

6939/26

CO EUR-PREP 11
POLGEN 54
ECOFIN 282
EMPL 53
SOC 128
COMPET 265
MI 201
ENV 186
IND 159

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Seimeastar Eorpach 2026 – Tuarascáil sintéise |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Tuarascáil Sintéise a d'ullmhaigh an Uachtaránacht maidir leis na conclúidí a ghlac an Chomhairle i ndáil leis an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro. Léirítear sa doiciméad freisin an plé a rinneadh i bhfoirmíochtaí éagsúla na Comhairle maidir le Seimeastar Eorpach 2026 le linn na chéad chéime den timthriall.

**Cúlra**

An 25 Samhain, d'fhoilsigh an Coimisiún Pacáiste Fómhair an tSeimeastair Eorpaigh le haghaidh 2026, lena n-áirítear:

– Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh[1], arb é is aidhm di sainaithint luath agus faireachán míchothromaíochtaí a éascú, agus a chuir tús leis an mbabhta bliantúil den nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha;

– an moladh le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[2] (moladh maidir leis an limistéar euro) le haghaidh 2026, inar moladh gur cheart do Bhallstáit an limistéir euro gníomhú, ina n-aonar agus i dteannta a chéile, faoi chuimsiú an Ghrúpa Euro, go háirithe chun an **inbhuanaitheacht fhioscach** a áirithiú agus spás á chruthú ag an am céanna d'**infheistíochtaí barrthábhachtacha**, lena n-áirítear infheistíochtaí i ndáil leis an gcosaint agus leis an iomaíochas, agus chun éifeachtúlacht an airgeadais phoiblí a fheabhsú agus na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a chur i gcrích freisin;

– moladh maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach[3], ina n-iarrtar ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna in earnálacha straitéiseacha, treisiú le bunscileanna, leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint, torthaí oideachais threasaigh a fheabhsú i réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice (ETIM), infheistíocht a dhéanamh san oideachas, san oiliúint agus i scileanna mar bhonn láidir le táirgiúlacht, iomaíochas agus ceannasacht dhigiteach threisithe. Iarrtar ar na Ballstáit freisin feabhas a chur ar an bhfaisnéis scileanna agus úsáid níos fearr a bhaint aisti chun aistrithe i margadh an tsaothair a éascú. Ba é an chéad uair é a chuir an Coimisiún an Moladh sin isteach. Ba cheart do na Ballstáit na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh sa tréimhse 2026-2027;

– an dréacht-Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht[4], ina dtugtar forléargas gach bliain ar na príomhfhorbairtí fostaíochta agus sóisialta san Aontas mar aon le forléargas ar ghníomhaíochtaí na mBallstát chun na Treoirlínte Fostaíochta a chur chun feidhme.

---

[1] 16141/25
[2] 16145/25
[3] 15278/25
[4] 15277/25

I gcás thimthriall 2026, mar a tharla in 2025, níor fhoilsigh an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil don  Fhás Inbhuanaithe.

In éagmais suirbhé bliantúil don fhás inbhuanaithe, agus chun go gcomhlíonfaí Airteagal 148(1) CFAE, lena gceanglaítear go mbreithneoidh an Chomhairle Eorpach gach bliain staid na fostaíochta san Aontas agus go nglacfaidh sí conclúidí ar an ábhar sin, glacfaidh an Chomhairle conclúidí maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht.

An 20 Eanáir 2026, d'fhormheas Comhairle Ecofin **conclúidí i ndáil le Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh**[5], agus é á chur in iúl aici gur chomhaontaigh sí leis an measúnú foriomlán ar an doiciméad maidir le héabhlóid na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus na rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Leagadh béim sna conclúidí ar a thábhachtaí atá sé i gcónaí an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha a chur chun feidhme chun míchothromaíochtaí a bhrath, a chosc agus a cheartú, ar míchothromaíochtaí iad a dhéanann dochar, nó a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh, d'fheidhmiú cuí geilleagair Ballstáit nó gheilleagar an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta nó gheilleagar an Aontais ina iomláine.

D'iarr an Chomhairle go leanfaí den Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha a chur chun feidhme go héifeachtach agus go héifeachtúil, mar aon leis an gcreat rialachais eacnamaíoch athchóirithe, agus é ina dhlúthchuid den Seimeastar Eorpach. Iarrtar ar na Ballstáit tabhairt faoi ghníomhaíocht thráthúil bheartais darb aidhm leochaileachtaí maicreacnamaíocha a laghdú, lena n-áirítear trí athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha, faoin Seimeastar Eorpach, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha.

Thug an Chomhairle dá haire go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún grinn-athbhreithniú a ullmhú do na seacht mBallstát a sainaithníodh mar Bhallstáit a raibh míchothromaíochtaí nó míchothromaíochtaí iomarcacha acu in earrach 2025. I gcás ceithre Bhallstát eile, chinn an Coimisiún gur fiú aird a thabhairt ar roinnt forbairtí freisin, fiú mura bhfuil gá le grinn-athbhreithniú ina leith ag an bpointe seo. Áirítear leo sin, go háirithe, méaduithe carnacha ar phraghsanna le blianta beaga anuas agus an méadú mór leanúnach ar chostais saothair aonadacha a bhfuil tionchar aige ar an iomaíochas costais. Ina theannta sin, ní mór dlúthfhaireachán a dhéanamh ar na méaduithe tapa atá ag teacht ar phraghsanna tithe agus ar fhás creidmheasa.

---

5 5239/26

An 17 Feabhra 2026, d'fhormheas Comhairle Ecofin **dréacht-Mholadh 2026 ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro**[6].

Is é is príomhábhar do na moltaí sin le haghaidh 2026 an **inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú agus spás á chruthú ag an am céanna le haghaidh infheistíochtaí barrthábhachtacha**, lena n-áirítear infheistíochtaí i ndáil leis an g**cosaint** agus leis an **iomaíochas**, mar aon le héifeachtúlacht an airgeadais phoiblí a fheabhsú agus na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a thabhairt chun críche.

Leagtar béim sna moltaí freisin ar **a riachtanaí atá sé tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht phoiblí agus phríobháideach** sa taighde agus sa nuálaíocht, sa dícharbónú tionsclaíoch, san fhuinneamh glan agus san aistriú digiteach, sa tslándáil eacnamaíoch agus i laghdú na spleáchas straitéiseach ar fud na slabhraí luacha, agus béim á leagan freisin ar a thábhachtaí atá sé deireadh a chur le bacainní sa Mhargadh Aonair, lena n-áirítear trí **shimpliú rialála**.

Iarrtar sna moltaí go ndéanfaí **na margaí saothair a neartú** trí scileanna a threisiú, torthaí oideachais a fheabhsú, rannpháirtíocht a mhéadú, tacú leis an gcáilíocht post agus **aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus ar an inacmhainneacht tithíochta**, agus é á áirithiú ag an am céanna go mbeidh an fás pá i gcomhréir leis an táirgiúlacht i gcónaí.

Ar deireadh, cuirtear chun cinn iontu an moladh **go gcruthófaí Aontas Coigiltis agus Infheistíochta Eorpach** agus leagtar béim ar a riachtanaí atá sé **tionscadal an euro dhigitigh** a chur chun cinn, ról idirnáisiúnta an euro a threisiú agus faireachán a dhéanamh ar na rioscaí macrairgeadais.

[6] 5732/26

An 9 Márta, ghlac Comhairle EPSCO **Tuarascáil Chomhpháirteach 2026 ar Fhostaíocht** agus d'fhormheas sí na Conclúidí arna mbunú uirthi, ghlac sí an **Moladh maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach** agus d'fhormheas sí gnéithe fostaíochta agus sóisialta an **dréacht-mholta ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro**.

Maidir leis na gnéithe fostaíochta agus sóisialta den **dréacht-Mholadh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro**, rinne na Ballstáit catagóir na ngrúpaí faoi ghannionadaíocht a leathnú chun daoine ar bheagán oiliúna, imircigh agus daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh. Ina theannta sin, chuir na Ballstáit in iúl go láidir gur cheart leanaí a lua go sonrach i dtaca le laghdú na bochtaineachta ós amhlaidh go mbíonn tionchar ar leith ag an mbochtaineacht ar leanaí agus gur gá bearta sonracha a dhéanamh chun dul i ngleic lena gcás. Is é an bhuncheist atá ann an baol go gcuirfí an bhochtaineacht agus an easpa cumhachta ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí inscne nuair a bhítear ag díriú ar ETIM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) chun an t-iomaíochas a chothú.

Ba cheart an **Moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro** a ghlacadh tar éis do Chomhairle Eorpach an 19-20 Márta 2026 é a fhormhuiniú.

**Seisiúin tuairimíochta**

An 1 Nollaig 2025, bhí seisiún tuairimíochta ag Comhairle **EPSCO** faoi scáth an tSeimeastair Eorpaigh, darb ábhar 'Cuimsiú agus comhtháthú sóisialta a chur chun cinn trí bheartais chomhleanúnacha shóisialta agus tithíochta'. Leag gach aire, nach mór, béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh ról láidir ag EPSCO i bpróiseas an tSeimeastair, agus go n-aimseofaí an chothromaíocht cheart sa chomhordú idir na gnéithe eacnamaíocha, fostaíochta agus sóisialta. D'iarr siad go mbeadh treochlár intuartha réalaíoch ann le haghaidh an tSeimeastair ar mhaithe le hullmhúchán agus rannpháirtíocht chuí EPSCO.

Measadh gur gné riachtanach d'aon bheartas leasa í an tithíocht. Ní mór beartais éifeachtacha tithíochta a chomhlánú le soláthar seirbhísí bunúsacha, cosaint shóisialta, oideachas agus fostaíocht. Is den riachtanas é tithíocht a sholáthar má táthar le grúpaí áirithe daoine a chuimsiú sa tsochaí, cuir i gcás daoine óga, daoine gan dídean agus daoine atá i staid leochaileach.

An 11 Nollaig 2025, rinne an **Grúpa Euro** na forbairtí maicreacnamaíocha is déanaí a mheas agus bhí seisiún tuairimíochta aige leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) maidir le beartais an limistéir euro.

Le linn an chruinnithe a bhí ag Comhairle **Ecofin** an 12 Nollaig, phléigh na hairí **tuarascáil 2026 maidir leis an sásra foláirimh**. Bhí seisiún tuairimíochta acu freisin i ndáil leis an **dréachtmholadh maidir leis an limistéar euro**, a eisíodh an lá céanna. Tugtar aghaidh sa mholadh sin ar na saincheisteanna is tábhachtaí maidir le feidhmiú an limistéir euro.

An 9 Márta 2026, bhí seisiún tuairimíochta ag Comhairle **EPSCO** inar díríodh ar an gconair ón nuálaíocht go poist ardcháilíochta agus ar an gcaoi ar féidir an intleacht shaorga a úsáid chun fostaíocht ardcháilíochta agus cearta oibrithe a neartú.

***

Agus gné Pharlaiminteach an tSeimeastair Eorpaigh á haithint aici, d'eagraigh an Uachtaránacht, i gcomhar le Parlaimint na hEorpa, Seachtain Pharlaiminteach an tSeimeastair Eorpaigh 2026 (an 23-24 Feabhra 2026) maidir le conair eacnamaíoch, roghanna buiséadacha agus tosaíochtaí sóisialta an Aontais.